Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**10955/26**

**ECOFIN 879**
**UEM 298**
**SOC 421**
**EMPL 228**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclúidí maidir le grinn-athbhreithnithe 2026 faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha<br>– Formheas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le grinn-athbhreithnithe 2026 faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha.

**DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN GCOMHAIRLE MAIDIR LE GRINN-ATHBHREITHNITHE 2026 FAOIN NÓS IMEACHTA UM MÍCHOTHROMAÍOCHTAÍ MAICREACNAMAÍOCHA**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go meastar go dtiocfaidh moill ar fhás OTI an Aontais anois, tar éis dó 1.5 % a bhaint amach in 2025, agus go meastar go dtiocfaidh méadú ar an mboilsciú in 2026, mar gheall ar impleachtaí choinbhleacht an Mheánoirthir. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur léirigh geilleagar an Aontais athléimneacht in 2025 agus an brú boilscitheach ag laghdú, rud a d'éascaigh cúlú roinnt leochaileachtaí maicreacnamaíocha seanbhunaithe, ós rud é go raibh forbairtí éagsúla ann ar fud na mBallstát. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil an teannas leanúnach geopholaitiúil agus trádála ag maolú na n-ionchas fáis agus ag cur leis an mboilsciú, i gcomhthéacs éiginnteacht ard leanúnach, rud a chuireann leis na rioscaí a bhaineann le míchothromaíochtaí.

2. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé i gcónaí an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha a chur chun feidhme chun míchothromaíochtaí a bhrath, a chosc agus a cheartú, ar míchothromaíochtaí iad a dhéanann dochar, nó a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh, d'fheidhmiú cuí geilleagair Ballstáit nó gheilleagar an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta nó gheilleagar an Aontais ina iomláine. LEAGANN SÍ BÉIM AR an ról ríthábhachtach atá ag anailís chuimsitheach maidir le faireachán a dhéanamh ar mhíchothromaíochtaí atá ann cheana agus leochaileachtaí maicreacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint. MEASANN SÍ gurb é a bhí sna grinn-athbhreithnithe a rinneadh in 2026 anailís chuimsitheach ardchaighdeáin ar an staid i ngach Ballstát a bhí faoi athbhreithniú.

3. TUGANN SÍ DA hAIRE, ar an iomlán, gur bhain an Coimisiún úsáid as uirlisí ábhartha anailíseacha, arna gcomhlánú le hanailís shubstainteach cháilíochtúil, i bhfianaise na ndúshlán sonrach a ghabhann le gach Ballstát. IS DÍOL SÁSAIMH DI úsáid na hanailíse réamhbhreathnaithí agus an measúnú ar bheartais ábhartha, agus tromchúis agus forbairt na míchothromaíochtaí á gcur san áireamh freisin. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá táscairí stoic agus sreafa sa mheasúnú, ról na mbeart beartais, chomh maith le gné an Aontais agus an limistéir euro den nós imeachta. LEAGANN SÍ BÉIM ar na hidirghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann idir athróga maicreacnamaíocha éagsúla. LEAGANN SÍ BÉIM AR ábharthacht leanúnach an mheasúnaithe ar éifeachtaí seach-iarmharta na mbeartas eacnamaíoch náisiúnta agus impleachtaí na bhforbairtí domhanda. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé faireachán agus measúnú tráthúil a dhéanamh, agus cóir chomhionann agus trédhearcacht a áirithiú, bunaithe ar mheasúnú fianaisebhunaithe, lena n-áirítear maidir le sonraí cainníochtúla, faisnéis cháilíochtúil agus beartais a cuireadh chun feidhme, agus go bhfuil aicmiú na míchothromaíochtaí bunaithe ar fhianaise oibiachtúil agus go gcuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach é ar fud na mBallstát.

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil méadú tagtha ar dhifreálaigh bhoilscithe san Aontas. AITHNÍONN SÍ go bhfuil na méaduithe ar phraghsanna fuinnimh in 2026 ag cur le méadú foriomlán ar bhoilsciú agus nach féidir leathnú breise ar dhifreálaigh bhoilscithe a chur as an áireamh. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, ag an am céanna, gur maolaíodh fás an chostais saothair in aghaidh an aonaid táirgthe le bliain anuas, cé go bhfuil sé fós ard i roinnt Ballstát. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhféadfadh éagsúlachtaí leanúnacha i gcostais agus i bpraghsanna an bonn a bhaint den iomaíochas i mBallstáit aonair agus go bhféadfaidís a bheith ina n-ábhar imní ar leith laistigh den limistéar euro.

5. AITHNÍONN SÍ gur tháinig feabhas ar sheasaimh an chuntais reatha in 2025, agus go bhfuil easnaimh agus barrachais fós mór i roinnt Ballstát. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur tháinig feabhas foriomlán ar staideanna glana infheistíochta idirnáisiúnta diúltacha in 2025, cé gur tharla sé sin ar luas níos moille, agus gur tháinig laghdú foriomlán ar sheasaimh dhearfacha, rud a léiríonn éifeachtaí luachála freisin. AITHNÍONN SÍ an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar chuntais sheachtracha mar thoradh ar phraghsanna fuinnimh níos airde agus ar an bhfás trádála níos moille a meastar a bheidh ann.

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur tháinig borradh breise ar fhás praghsanna tithe in 2025. AITHNÍONN SÍ gur tacaíodh leis an éileamh i roinnt mhaith Ballstát le méaduithe ar fhíorioncam teaghlach agus le coinníollacha maoiniúcháin níos tacúla, agus go raibh an soláthar fós teoranta. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an méadú atá tagtha ar na rioscaí ró-luachála a bhaineann le praghsanna tithe i mBallstáit éagsúla. AITHNÍONN SÍ go meastar go leanfaidh an fás faoi phraghsanna tithe de bheith dinimiciúil i bhfianaise na n-eilimintí struchtúracha. Áirítear leis sin ganntanais leanúnacha tithíochta i measc dul chun cinn mall maidir le haghaidh a thabhairt ar scrogaill soláthair i roinnt mhaith Ballstát, beartais chánachais chomh maith le margaí cíosa neamhéifeachtúla, rud atá níos measa i gcásanna áirithe mar gheall ar an éileamh ar infheistíochtaí malartacha, go háirithe i mBallstáit ina bhfuil margadh caipitil beag.

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur tháinig méadú ar iasachtaíocht teaghlach agus corparáidí neamhairgeadais in 2025 i bhfianaise coinníollacha maoiniúcháin níos éasca. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhféadfadh an géarú is déanaí a rinneadh ar choinníollacha maoiniúcháin iasachtaí a mhaolú agus ualaí fiach-sheirbhíse a mhéadú, go háirithe i gcás ina bhfuil iasachtaí ar rátaí comhlúthacha forleathan. AITHNÍONN SÍ, cé gur lean cóimheasa fiachais rialtais de bheith ag laghdú i roinnt Ballstát, gur tháinig méadú orthu i roinnt mhaith Ballstát eile agus go raibh siad os cionn na leibhéal a bhí ann in 2019 roimh an bpaindéim, agus go meastar go dtiocfaidh méadú breise orthu i bhfianaise an mhéadaithe a tháinig ar easnaimh i roinnt Ballstát. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go mbíonn caiteachas úis níos airde mar thoradh ar fhéichiúnas méadaithe in éineacht le torthaí bannaí rialtais a bhí níos airde le déanaí.

8. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil earnáil na baincéireachta fós sláintiúil agus athléimneach le cóimheasa láidre caipitil agus brabúsacht ard na mbanc. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur fhan iasachtaí neamhthuillmheacha, ar an iomlán, gar do leibhéil ísle stairiúla, le laghdú breise teoranta sna Ballstáit sin ina mbíodh siad ard roimhe sin. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil neamhchosaintí móra ar fhiachas ceannasach intíre i roinnt Ballstát agus leochaileachtaí a bhaineann le heastát réadach tráchtála fós ann i gcásanna áirithe.

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach bhfuil míchothromaíochtaí ann a thuilleadh sa Ghréig, san Ísiltír ná sa tSualainn i gcomhthéacs an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil laghdú tagtha ar leochaileachtaí sa Ghréig a bhaineann leis an bhfiachas ard rialtais agus seachtrach, go bhfuil laghdú tagtha ar iasachtaí neamhthuillmheacha na mbanc, agus go maolaíonn an maoiniú fabhrach rioscaí inbhuanaitheachta seachtracha a bhaineann leis an easnamh suntasach sa chuntas reatha. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil laghdú tagtha san Ísiltír ar leochaileachtaí a bhaineann le fiachas teaghlaigh, agus ar bharrachas an chuntais reatha. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil leochaileachtaí a bhaineann leis an margadh tithíochta agus leis an ardleibhéal fiachais phríobháidigh fós ann sa tSualainn, cé go bhfuil a ndéine laghdaithe.

10. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil míchothromaíochtaí fós ann san Iodáil, san Ungáir agus sa tSlóvaic, agus roinnt feabhsuithe sna tíortha sin á n-aithint ag an am céanna aici, go háirithe san Iodáil agus sa tSlóvaic.

11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil míchothromaíochtaí iomarcacha fós sa Rómáin. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil laghdú tagtha ar leochaileachtaí a bhaineann le heasnaimh fhioscacha agus easnaimh sa chuntas reatha, ach go bhfuil siad fós suntasach, agus go bhfuil an t-iomaíochas costais ag dul in olcas i gcónaí cé gur lú é ná mar a bhí roimhe seo.

12. IARRANN SÍ go ndéanfaí an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha a chur i bhfeidhm go hiomlán, in éineacht leis an gcreat rialachais eacnamaíoch athchóirithe, atá leabaithe sa Seimeastar Eorpach, lena n-áirítear an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Iomarcacha a ghníomhachtú, i gcás inarb iomchuí. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go leanfar de ghníomhaíocht mhear bheartais chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, go háirithe na míchothromaíochtaí sin a áirítear sna pleananna fioscacha-struchtúrtha meántéarmacha, agus sna moltaí tírshonracha faoin Seimeastar Eorpach.